AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.7.2022
COM(2022) 360 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**'Coigil gás le haghaidh geimhreadh sábháilte'**

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**'Coigil gás le haghaidh geimhreadh sábháilte'**

Tá margaí fuinnimh curtha bunoscionn ag an gcogadh ionsaitheach gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, rud a spreag luaineacht praghsanna agus neamhdheimhneacht fuinnimh ar fud an domhain, a raibh tionchar ar leith aige ar an Aontas Eorpach agus ar a chomharsanacht máguaird.

An 18 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún an Plean REPowerEU chun cinn chun deireadh a chur lenár spleáchas ar ghás na Rúise a luaithe is féidir. Agus na gníomhaíochtaí sin á saothrú ag an Eoraip agus í fós tiomanta go hiomlán do chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ní mór di dlús a chur lena hullmhúcháin don tionchar láithreach a d'fhéadfadh a bheith ag tuilleadh suaite i soláthairtí gáis ón Rúis, lena n-áirítear dá scoithfí iad go hiomlán. D'iarr an Chomhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi an 31 Bealtaine agus an 23 Meitheamh 2022, go ndéanfaí an t-ullmhúchán sin mar ábhar práinne, rud a chumasódh comhordú níos dlúithe leis na Ballstáit agus eatarthu.

I gcás ina mbeidh tuilleadh suaite sa soláthar sin, nó i gcás ina scoithfear go hiomlán é, ní mór don Eoraip a bheith réidh. De réir mheon na dlúthpháirtíochta agus an chomhair san Eoraip, ní mór don Aontas a áirithiú go sreabhfaidh an gás san áit is mó gá leis, agus leis sin, ár gcustaiméirí baile, ár bpoist agus an geilleagar ina iomláine a chosaint.

Is é sin an fáth a bhfuil an tAontas ag ullmhú le haghaidh suaitheadh den sórt sin le roinnt míonna anuas. Le bheith sonrach, d'oibrigh an Coimisiún, faoi Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh, agus na Ballstáit, le soláthróirí malartacha gáis chun soláthairtí a áirithiú. Ag cur le tograí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, tá sé d'aidhm ag an bPlean REPowerEU dlús a chur le suiteáil fuinnimh in-athnuaite ar fud an Aontais agus le húsáid infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh. Tá grinn-athbhreithniú ullmhachta déanta ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit. Tá rialachán de chuid an Aontais maidir le stóráil glactha ag comhreachtóirí an Aontais chun ceanglas dlíthiúil a leagan síos maidir le líonadh stórála roimh an gheimhreadh.

D'oibrigh an Coimisiún go dícheallach chun soláthairtí malartacha breise a áirithiú agus tá sé fós ag déanamh amhlaidh. Leis an Teachtaireacht seo, comhlánaítear an cur chuige sin trí dhíriú ar thaobh an éilimh. Déantar athbhreithniú inti ar an staid reatha agus ar na bearta atá déanta cheana, chomh maith leis na huirlisí atá ar fáil don Aontas chun freagra a thabhairt a leagan amach. Ina dhiaidh sin, moltar inti gníomhaíochtaí breise chun an t-éileamh a laghdú ar bhealach comhordaithe, agus chun dlús a chur le hiarrachtaí comhpháirteacha an Aontais maidir le soláthar. Tá sé sin ríthábhachtach chun an seans go mbeidh suaitheadh níos déanaí sa bhliain a íoslaghdú, maille leis an gcostas a bhainfeadh leis, agus chun an rochtain is gá ar ghás a áirithiú le haghaidh thomhaltóirí agus thionscail na hEorpa amach anseo tríd an leas is mó is féidir a bhaint as tionchar an Aontais.

Chuige sin, moltar sa Teachtaireacht Plean Eorpach nua um an Éileamh ar Ghás a Laghdú, agus leas á bhaint as dea-chleachtais ó gach cearn den Aontas, agus Rialachán ón gComhairle ag gabháil leis lena mbeartaítear moladh láithreach a dhéanamh maidir le laghdú deonach ar

an éileamh ar ghás de 15 % i ngach Ballstát as seo go ceann 8 mí ar a laghad, agus lena dtugtar isteach próiseas chun sprioc cheangailteach maidir leis an éileamh ar ghás a spreagadh, i gcás ina mbeadh gá leis sin tráth ar bith sna seachtainí nó sna míonna amach romhainn.


Breoslaí eile a úsáid in ionad gáis agus fuinneamh a choigleoidh gach úsáideoir i rith an tsamhraidh seo, is fuinneamh é sin a chabhróidh linn an geimhreadh a chur tharainn. Má ghníomhóimid go comhpháirteach anois, is lú an suaitheadh agus an costas a bheidh ann dá bharr, éascófar an dlúthpháirtíocht agus seachnófar an gá le gníomhaíochtaí neamhphleanáilte agus neamhchomhordaithe a dhéanamh níos déanaí i gcás ina mbeidh géarchéim ann de dheasca taiscí gáis a bheith ag éirí íseal. Ina theannta sin, leanfaimid ar aghaidh go gasta i dtreo gás (agus hidrigin in-athnuaite amach anseo) a cheannach ar bhealach atá comhordaithe agus a bheidh comhpháirteach sa deireadh, chun riachtanais fuinnimh a bheidh ann amach anseo a áirithiú le soláthairtí malartacha. I ndeireadh na dála, le cur i bhfeidhm an phlean sin um an éileamh ar ghás a laghdú, cruthófar na coinníollacha lena mbeifear in ann allmhairí gáis ón Rúis a chéimniú amach go hiomlán agus ar bhealach níos tapúla, i gcomhréir le cuspóirí REPowerEU, agus cuirfear feabhas ar shlándáil agus neamhspleáchas fuinnimh an Aontais.

## 1. Ag ullmhú le haghaidh an gheimhridh

**Cad é an staid sa lá atá inniu ann?**

Is as an t-éileamh ar ghás a thagann 24 % d'iomlán an oll-ídithe fuinnimh intíre san Eoraip. Le blianta fada, ba í an Rúis an príomhsholáthróir gáis don Aontas. Bhraith an tAontas ar an Rúis le haghaidh níos mó ná 40 % dá soláthairtí gáis anuraidh, agus dá bhrí sin, le haghaidh thart ar 10 % dá riachtanais fuinnimh fhoriomlána.

Ó bhí anuraidh ann, tá laghdú suntasach ag teacht ar sholáthairtí gáis ón Rúis chuig an Aontas, ar iarracht d'aon ghnó é arm a dhéanamh as an bhfuinneamh. Ar an iomlán, ba lú sreabha gáis ón Rúis chuig an Aontas i mí an Mheithimh 2022 ná 30 % de mheán 2016-2021. Tá aghaidh tugtha ag an Aontas ar shraith gníomhaíochtaí tobanna aontaobhacha gan údar ón Rúis chun seachadtaí chuig custaiméirí Eorpacha a laghdú nó a stopadh, lena gcuirtear isteach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus lena mbrúitear praghsanna in airde. Tá stop curtha le sreabha píblíne gáis ón Rúis ar fud na Bealarúise agus tá laghdú leanúnach tagtha orthu tríd an Úcráin. Tá stop curtha freisin leis an soláthar chuig na Stáit Bhaltacha, an Pholainn, an Bhulgáir agus an Fhionlainn. Laghdaíodh an soláthar chuig roinnt tíortha, lena n-áirítear an Pholainn, an Ghearmáin, an Ostair, an Danmhairg, an tSlóvaic, an Ísiltír agus an Iodáil. Ó bhí lár mhí an Mheithimh 2022 ann, scoitheadh faoi 60 % na sreabha trí Nord Stream 1, atá ar cheann de na bealaí allmhairiúcháin is mó chuig an Aontas.




*(Graf: Sreabha gáis ón Rúis in 2022 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.)*

De thoradh na sraithe laghduithe sin, tá praghsanna fuinnimh níos airde agus níos luainí ná riamh, rud a chuireann leis an mboilsciú agus a mhéadaíonn an riosca go mbeidh cor chun donais eacnamaíoch san Eoraip chomh maith le mór-éifeachtaí diúltacha ar an bhfostaíocht agus go mbeidh mórthionchair dhiúltacha dáileacháin ann. Is dócha go spreagfaidh siad sin méadú ar an mbochtaineacht fuinnimh agus tá an riosca ann dá ndeasca go dtiocfaidh méadú ar an neamh-chomhionannas idir na Ballstáit agus idir na réigiúin.

Níl aon chúis lena chreidiúint go dtiocfaidh athrú ar an bpatrún iompraíochta sin, rud a chruthaíonn éiginnteacht soláthair agus an t-ardú as cuimse ar phraghsanna a ghabhann léi. Ina ionad sin, tugann roinnt comharthaí le fios gur dócha go dtiocfaidh meathlú ar ionchas an tsoláthair gáis.

Agus coinne ag an Aontas le riosca den sórt sin, tá sé ag ullmhú cheana féin le haghaidh na féidearthachta go scoithfidh an Rúis an soláthar gáis go ceann i bhfad nó go hiomlán tráth ar bith. Soláthairtí malartacha gáis a áirithiú, fuinneamh glan a chur in ionad gás nádúrtha aon uair is féidir agus foinsí eile fuinneamh a chur in ionad gás nádúrtha nuair is gá: is codanna fíor-riachtanacha den phlean REPowerEU iad na nithe sin, ar ghlac na Ballstáit leo, Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh, go háirithe.

Is bunphrionsabal de chuid ár nAontais í an dlúthpháirtíocht, agus ní mór go bhfuil sí ina bhunchloch d'ullmhacht an Aontais. Ina theannta sin, tá na Ballstáit ar fad idirnasctha ag an margadh aonair, rud a spreagann fás eacnamaíoch, nuálaíocht, cruthú post agus infheistíochtaí. Chun go bhfeidhmeoidh an dlúthpháirtíocht sin, ba cheart do na gníomhaithe ar fad féachaint leis na bearta ar fad atá ar fáil dóibh a dhéanamh chun na héifeachtaí a bheadh ag suaitheadh iomlán féideartha sa sholáthar gáis ón Rúis a chosc.

Mar gheall ar an spleáchas frithpháirteach sin, is é an toradh a bheadh ar ghéarchéim iomlán mórthionchair dhiúltacha i ngach Ballstát, bíodh sin go díreach nó go hindíreach. Cé gur mó an tionchar díreach a bheadh ar roinnt Ballstát mar gheall ar shuaitheadh mór nó iomlán sa sholáthar ón Rúis, bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ar gheilleagair eile dá ligfí do na tíortha sin aghaidh a thabhairt ar an tionchar sin leo féin. Beidh tionchar eacnamaíoch diúltach díreach ag meath eacnamaíoch mór in aon Bhallstát ar a chomharsana agus ar a chomhpháirtithe onnmhairiúcháin eile. Dá bharr sin, ní mór bearta a dhéanamh láithreach

chun tuilleadh gníomhaíochtaí suaiteacha a thuar agus chun athléimneacht an Aontais a neartú.

Sa Teachtaireacht seo, lena n-áirítear an Plean Eorpach um an Éileamh ar Ghás a Laghdú atá san iarscríbhinn a ghabhann léi, dírítear ar na gníomhaíochtaí is gá ar thaobh an éilimh, ag cur le REPowerEU agus le Plean an Aontais um Choigilteas Fuinnimh. Leis na gníomhaíochtaí sin chun an t-éileamh a laghdú, comhlánaítear obair leanúnach chun soláthairtí malartacha a áirithiú mar a leagtar amach i Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh Sheachtraigh an Aontais, agus cuirtear dlús leis an aistriú chuig fuinneamh glan. Ba cheart do na Ballstáit iad a dhéanamh láithreach i ndlúthchomhar le chéile chun laghdú suntasach a dhéanamh ar an riosca go mbeidh éagothroime iomarcach ann idir an soláthar agus an t-éileamh an gheimhreadh seo chugainn agus ina dhiaidh sin. Leis an ngníomhaíocht sin, is féidir na rioscaí a bhaineann le ganntanas gáis a laghdú go mór, lena n-áirítear le haghaidh na dtionscal sin atá criticiúil i gcomhair shlabhraí soláthair san Aontas, post agus fáis, iomaíochas foriomlán agus gheilleagar na hEorpa.

I Roinn 3 den Teachtaireacht seo, tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar an Rialachán a ghabhann leis seo atá beartaithe chun an creat a sholáthar le haghaidh an laghdaithe ar an éileamh sin.

Is iad na torthaí a bheidh ar ghníomhaíocht chomhordaithe inchreidte láidir ón Aontas cinnteacht níos fearr i staid éagobhsaí an mhargaidh, méadú ar athléimneacht an Aontais agus teorainn le tionchair ar phraghsanna arb iad cúrsaí soláthair is cúis leo. Cuideoidh sí le níos mó stórála a líonadh roimh an gheimhreadh i gcás ina mbeidh acmhainneacht ar fáil. Ní bheadh gníomhaíochtaí aontaobhacha ag na mBallstát barrmhaith le haghaidh an Aontais ina iomláine agus, dá bhrí sin, le haghaidh gach Ballstát aonair freisin. Le gníomhaíochtaí comhordaithe ón Aontas, is féidir cuidiú le slabhraí soláthair tionsclaíocha feidhmiúla agus sláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú i gcásanna mórthurraingí soláthair.

**Cad iad na huirlisí atá ar fáil don Aontas cheana féin agus cad iad na gníomhaíochtaí a rinneadh roimh an ngéarchéim atá ann faoi láthair?**

**Ar an gcéad dul síos,** tá creat láidir i bhfeidhm ag an Aontas chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus chun astaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030. Tá an t-aistriú chuig fuinneamh glan agus slándáil an tsoláthair fite fuaite ina chéile. Trí dheireadh a chur de réir a chéile lenár spleáchas ar fhoinsí breoslaí iontaise agus trí thomhaltas fuinnimh foriomlán an Aontais a laghdú trí éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh, neartaíonn **an Comhaontú Glas don Eoraip agus an pacáiste 'Oiriúnach do 55' slándáil soláthair an Aontais**.

**Ar an dara dul síos,** tá **creat rialála forbartha ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar chásanna áirithe de shlándáil an tsoláthair**, ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéimeanna fuinnimh a bhí ann roimhe seo agus ar bhonn ár ngníomhaíochtaí a rinneadh tar éis ionghabháil na Crimé agus Sevastopol ag Cónaidhm na Rúise in 2014.

Faoin Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis[1], ní mór pleananna náisiúnta um ghníomhaíocht choisctheach agus pleananna náisiúnta éigeandála a bheith ag na Ballstáit, ar pleananna iad atá bunaithe ar mheasúnuithe riosca comhchoiteanna arna ndéanamh ag grúpaí réigiúnacha feadh na mbealaí soláthair. Sainítear trí leibhéal géarchéime náisiúnta: *Luathrabhadh, Leibhéal Foláirimh agus Leibhéal Éigeandála.* Sainítear na bearta is féidir leis na Ballstáit a dhéanamh i ngach ceann de na leibhéil sin sna pleananna náisiúnta éigeandála um shlándáil an tsoláthair gáis. Is é an prionsabal uileghabhálach gur mar rogha dheiridh a dhéantar sreabha gáis a shrianadh, a chiondáil agus a chiorrú, tar éis triail a bhaint as gach rogha eile, amhail roghanna chun athrú chuig breoslaí malartacha.

Féadfaidh an Coimisiún Éigeandáil Aontais nó Éigeandáil Réigiúnach a fhógairt i réigiún *geografach* a ndéantar difear dó go sonrach, arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó. I gcásanna den sórt sin, comhordaíonn an Coimisiún gníomhaíochtaí na mBallstát lena mbaineann agus féadfaidh sé gníomhú mar mhodhnóir má thugtar bearta isteach lena bhféadfaí srian míchuí a chur ar an sreabhadh gáis chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha, amhail baill an Chomhphobail Fuinnimh. Leis sin, cuidítear lena áirithiú go sreabhann gás chuig na tíortha agus chuig na custaiméirí is mó a ndéantar difear dóibh i gcás éigeandála.

Áirítear sásra dlúthpháirtíochta sa Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis freisin, lena ráthaítear soláthar chuig 'custaiméirí atá faoi chosaint' a shainmhínítear mar theaghlaigh, suiteálacha téimh ceantair nach bhfuil in ann athrú go breoslaí eile agus seirbhísí sóisialta riachtanacha áirithe, amhail cúram sláinte. I gcás móréigeandáil nach féidir an soláthar do chustaiméirí atá faoi chosaint a ráthú i mBallstát a thuilleadh lena linn, tá oibleagáid ar Bhallstáit a bhfuil nasc díreach acu bearta a dhéanamh i ndlúthpháirtíocht agus gás a sholáthar do na háiteanna is mó a bhfuil gá leis, fiú má bhíonn ciorrú ar a gcustaiméirí nach bhfuil faoi chosaint i gceist leis sin. Tá sé sin faoi réir cúiteamh pras cothrom arna leagan amach i socruithe déthaobhacha teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais nach mór do na Ballstáit teacht ar chomhaontú ina leith roimh ré.

Is ann do Ghrúpa Eorpach Comhordaithe Gáis, ar grúpa saineolaithe é a bhfuil an Coimisiún ina chathaoirleach air agus ar a bhfuil saineolaithe ó na Ballstáit, ó na comhlachais Eorpacha ábhartha agus ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, a dhéanann dlúthfhaireachán ar shlándáil soláthair an Aontais agus a chomhordaíonn gníomhaíochtaí de réir mar is gá. Tá an Grúpa tar éis a bheith ríthábhachtach ó thaobh staid shlándáil an tsoláthair a bhainistiú ó thús an chogaidh in aghaidh na hÚcráine, go háirithe trí fhaisnéis a mhalartú agus trí chuidiú le gníomhaíocht na mBallstát a chomhordú i ndáil le dearbhuithe luathrabhaidh agus foláirimh[2].

Níl an creat a dtugtar tuairisc air thuas go hiomlán oiriúnach don ghéarchéim atá ann faoi láthair, áfach, ós rud é go bhfuil sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh gearrthéarmach i ndáil le codanna áirithe den bhonneagar nó le hadhaimsir ghearrthéarmach, seachas suaitheadh níos fadtéarmaí sa soláthar ó mhórsholáthróir, ar suaitheadh é a dhéanann difear do roinnt bealaí éagsúla an tráth céanna. Is é sin an fáth ar gá an creat rialachais sin a choigeartú, agus an fáth gur dlúthchuid de dhearcadh aireachtaí tionscail Eorpacha agus náisiúnta é freisin.

[1] Rialachán (AE) 2017/1938

[2] Tá 11 Bhallstát tar éis luathrabhadh a eisiúint agus tá ceann amháin acu, an Ghearmáin, tar éis leibhéal 'foláirimh' a dhearbhú.

**Ar an tríú dul síos,** tá an tAontas tar éis líonra idirnascairí fuinnimh agus margadh inmheánach fuinnimh a fhorbairt níos mó agus níos mó atá in ann gás agus leictreachas a thabhairt chuig na háiteanna a bhfuil gá leo. Tá an beartas gníomhach sin tar éis cuidiú le soláthairtí gáis – agus rud atá chomh tábhachtach céanna – bealaí gáis a éagsúlú, a bhuí le hinfheistíochtaí i mbonneagar gáis trasteorann, tionscadail sreibhe cúltreo, amhail an tsreabh chúltreo ar phíblíne Yamal idir an Ghearmáin agus an Pholainn agus críochfoirt GNL (gás nádúrtha leachtaithe) sa réigiún Baltach, i Lár na hEorpa Thoir agus in Oirdheisceart na hEorpa. Tá go leor Tionscadal Leasa Choitinn faoi chuimsiú an Ghréasáin Fuinnimh Thras-Eorpaigh tar éis tairbhe a bhaint as tacaíocht airgeadais ón Aontas tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus tríd an mBeartas Comhtháthaithe.

***Príomhthionscadail le 10 mbliana anuas***

- Le críochfoirt GNL in Klaipeda, Świnoujście agus Krk, BRUA[3] agus an Píobán Baltach, laghdaíodh iarghúltacht stairiúil réigiún sonrach.

- D'oscail an tAontas Conair Gháis an Deiscirt tríd an bPíblíne Thrasaidriadach (TAP) agus an Phíblíne Gháis Nádúrtha Thrasanatólach (TANAP) a thabhairt i gcrích, píblínte ina sreabhtar gás anois go díreach chuig an Eoraip ó Mhuir Chaisp.

- I measc na dtionscadal tábhachtach eile tá an t-idirnascaire gáis idir an Pholainn agus an Liotuáin (GIPL), an nascóir Baltach idir an Fhionlainn agus an Eastóin, idirnascaire na Polainne-na Slóvaice agus píblíne na Gréige-na Bulgáire (IGB). Tá ról lárnach ag na tionscadail sin chun gur féidir gás ón Rúis a ionadú.

Tá feabhas mór tagtha ar shlándáil soláthair an Aontais – nó tiocfaidh feabhas uirthi – de bharr na bhforbairtí thuas, lena gcumasaítear soláthróirí agus bealaí a éagsúlú go héifeachtach. Tá na Ballstáit aonair uile, lena n-áirítear na tíortha is neamhchosanta go stairiúil, amhail an Bhulgáir agus an Fhionlainn, tar éis deireadh a chur lena spleáchas aonfhoinse ar allmhairí gáis ón Rúis.

## **Cad atá déanta ag an Aontas chun slándáil an tsoláthair a áirithiú ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin?**

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, leag an tAontas amach an Plean REPowerEU arb é is aidhm dó deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise a luaithe is féidir. Chun é sin a bhaint amach, leagtar amach sa Phlean REPowerEU bearta a bhaineann le soláthróirí fuinnimh a éagsúlú, le coigilteas fuinnimh agus le héifeachtúlacht fuinnimh, agus moltar ann dlús a chur le rolladh amach an fhuinnimh ghlain chun é a chur in ionad breoslaí iontaise i dtithe, in earnáil na tionsclaíochta agus i nginiúint cumhachta, go háirithe trí leictreachas in-athnuaite agus hidrigin. Ina theannta sin, is maith atá na Ballstáit agus na húdaráis áitiúla[4] in ann gníomhaíochtaí coigiltis fuinnimh atá oiriúnaithe do chúinsí áitiúla a chur chun cinn.

---

[3] Idirnascaire gáis na Bulgáire, na Rómáine, na hUngáire agus na hOstaire

[5] Rialachán AE 2022/1032 maidir le stóráil gáis

Faoin bplean REPowerEU, tá bearta déanta ag an Aontas chun a shlándáil soláthair agus a athléimneacht a threisiú, trí dhul i ngleic le taobh an tsoláthair agus taobh an éilimh araon. Baineann an méid seo a leanas le hábhar go háirithe:

- Moladh reachtaíocht nua an Aontais i mí an Mhárta 2022 chun a áirithiú go líonfar stóráil faoi thalamh an Aontais le haghaidh an gheimhridh atá le teacht, ar reachtaíocht í a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mí na Bealtaine agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil[5]. Is cúis imní é a ísle a bhí leibhéil stórála gáis ar feadh an gheimhridh seo caite – 10 bpointe céatadáin níos ísle ná mar a bhí in 2016-2018 – ach d'ainneoin leibhéil laghdaithe allmhairiúcháin ón Rúis agus praghsanna arda a dhíspreagann an stóráil, tá na leibhéil i gcomhréir leis an meán stairiúil arís – os cionn 64 % faoi láthair, arb ionann é agus 46 lá de thomhaltas geimhridh.
- Sa chéad seimeastar de 2022, rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú ar na pleananna náisiúnta éigeandála um shlándáil an tsoláthair gáis, lenarbh fhéidir leis na Ballstáit a n-ullmhacht a threisiú maidir le haon suaitheadh forleathan a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá an Coimisiún tar éis grinnfhaireachán ar staid shlándáil an tsoláthair agus measúnú riosca a dhéanamh freisin – a raibh gás agus leictreachas i gceist leo araon – i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSO-G) agus le Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tharchurtha Leictreachais (ENTSO-E).
- Tá an Coimisiún tar éis Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh a bhunú chun an t-éileamh ar fhuinneamh a chomhiomlánú ar an leibhéal réigiúnach agus chun ceannach comhpháirteach deonach a éascú, chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as an mbonneagar ionas go sreabhfaidh gás sna háiteanna mó a bhfuil gá leis, agus chun teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe soláthair idirnáisiúnta amhail na Stáit Aontaithe[6], an Iorua, an Asarbaiseáin, Catar, an Éigipt, Iosrael, an Ailgéir agus go leor eile. Is i gcomhréir le Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh Sheachtraigh an Aontais[7] a dhéantar an teagmháil sin. A bhuí leis na gníomhaíochtaí sin go háirithe, tá méideanna GNL nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo faighte ag an Aontas ó thús na bliana seo mar aon le gás píblíne breise chun caillteanais gáis ón Rúis a chúiteamh – féach an bosca thíos.
- Tá cúig ghrúpa réigiúnacha Ballstát bunaithe ag an gCoimisiún laistigh d'Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh, chun teacht in ionad soláthairtí gáis ón Rúis agus chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair i ngach réigiún, mar shampla trí phleananna gníomhaíochta a fhorbairt maidir le cur chun feidhme tapa – mar atá déanta i ngrúpa réigiúnach Oirdheisceart na hEorpa, ar éirigh go hard leis. Comhlánaíonn na grúpaí sin obair na nGrúpaí Ardleibhéil réigiúnacha atá ann cheana féin agus a dhíríonn ar dhlús a chur le príomhidirnaisc fuinnimh, le tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus le hathchóirithe tábhachtacha ar an margadh fuinnimh, amhail an Grúpa Ardleibhéil maidir leis an Nascacht Gháis do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa.

---

[5] Rialachán AE 2022/1032 maidir le stóráil gáis

[6] Ag deireadh mhí an Mhárta 2022, chomhaontaigh an tAontas agus na Stáit Aontaithe i ráiteas comhpháirteach go mbeartaíonn siad allmhairí GNL an Aontais ó na Stáit Aontaithe a mhéadú faoi 15 bcm in 2022. Allmhairíodh 30 bcm de GNL ó na Stáit Aontaithe sa chéad leath de 2022, i gcomparáid le 22 bcm ar feadh 2021 ar fad.Bhí sciar na Stát Aontaithe in allmhairí GNL an Aontais thart ar 46 % i mí an Mheithimh.

[7] Rannpháirtíocht an Aontais i réimse an fhuinnimh sheachtraigh i ndomhan atá ag athrú {SWD(2022) 152 final}

- Tá an Coimisiún tar éis dul i dteagmháil le saineolaithe tionscail chun an poitéinseal maidir le malartú breoslaí agus le laghdú deonach ar an éileamh a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí neamh-chomhordaithe chun an t-éileamh ar ghás ó úsáideoirí tionsclaíocha a laghdú.

***Éagsúlú ó bhí thús 2022 ann***

Tá ag éirí leis an Aontas éagsúlú a dhéanamh chun éirí as allmhairí gáis ón Rúis, go háirithe a bhuí le hallmhairí GNL agus píblíne níos airde**.** Sa chéad leath de 2022, a bhuí le hiarrachtaí an Aontais dul i dteagmháil le táirgeoirí GNL i dtríú tíortha, tháinig méadú 21 bcm ar allmhairí GNL nach ón Rúis iad i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh. Tháinig méadú 14 bcm ar allmhairí píblíne nach ón Rúis iad, is é sin ón Iorua, Muir Chaisp, an Ríocht Aontaithe agus an Afraic Thuaidh.

Os a choinne sin, laistigh den tréimhse sin, tháinig laghdú 28 bcm ar allmhairí píblíne ón Rúis go dtí 44.6 bcm san iomlán, ach tháinig méadú 3 bcm ar allmhairí GNL ón Rúis. De bharr an tsoláthair mhéadaithe sin, tá an laghdú ar iomlán na n-allmhairí gáis ón Rúis á fhritháireamh ag an Aontas faoi láthair.Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 24.3 bcm (59 %) ar allmhairí GNL ó gach foinse (lena n-áirítear an Rúis) i gcomparáid le 2021. Allmhairíodh 30 bcm de GNL ó na Stáit Aontaithe an tráth chéanna, i gcomparáid le 22 bcm san iomlán in 2021 (agus níor allmhairíodh ach 11.6 bcm de sa chéad leath de 2021).

An 25 Márta 2022, fógraíodh sa ráiteas comhpháirteach ón Uachtarán Von der Leyen agus ón Uachtarán Biden méadú 15 bcm ar allmhairí GNL ó na Stáit Aontaithe chuig an Aontas in 2022, sprioc a bhfuil an chuma ar an scéal go comhlíonfar í trí sholáthairtí ó na Stáit Aontaithe a mhéadú. Bhí sciar na Stát Aontaithe in allmhairí GNL an Aontais thart ar 46 % i mí an Mheithimh.

Is é is cuspóir don raon beart a rinneadh ó bhí mí Feabhra ann, lena n-áirítear na bearta sin a bhfuil sé d'aidhm acu creat shlándáil soláthair an Aontais a neartú, bainistíocht a dhéanamh ar ghás ón Rúis a chéimniú amach go hiomlán agus de réir a chéile a luaithe is féidir.

Mar sin féin, leis an suaitheadh is déanaí sa soláthar gáis ón Rúis, tugtar le tuiscint go bhfuil riosca suntasach ann go dtiocfaidh stop iomlán aontaobhach tobann le soláthairtí gáis ón Rúis i mbliana. Ní mór don Aontas a bheith ullamh don chás sin agus bearta breise a dhéanamh i gcomhréir leis an dúshlán atá i gceist leis sin. Má laghdaítear tomhaltas gáis ar bhealach ordúil anois maolófar na costais a bheidh ar an tsochaí amach anseo. Is comhlánú riachtanach é dul i dtreo ceannach comhpháirteach faoin Ardán Fuinnimh chun comhordú níos láidre ar thaobh an éilimh agus ar thaobh an tsoláthair araon a shaothrú, agus cuirfidh an Coimisiún dlús lena chuid oibre chun an tArdán a oibríochtú go dtí deireadh na bliana. Anuas air sin, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar cheannach comhpháirteach gáis, mar shampla, ról níos láidre a bheith ag cuideachtaí beaga gáis agus é a chur ar chumas an Aontais giaráil cheannaigh níos fearr a bheith aige, an t-allmhaireoir gáis nádúrtha is mó ar domhan, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, lena gcuirfí feabhas ar ár n-athléimneacht fuinnimh agus ár slándáil fuinnimh fhadtéarmach.

## Cad atá romhainn?

D’ainneoin an dul chun cinn maith atá déanta maidir le líonadh stórála go dtí seo, léiríonn ionsamhluithe a rinne an Coimisiún agus ag ENTSO-G gurb é an toradh a bheadh ar shuaitheadh iomlán ó mhí Iúil go dtí geimhreadh 2023 go mbeadh an leibhéal líonta stórála níos lú ná an sprioc 80 % a leagtar amach le haghaidh mhí na Samhna sa Rialachán nua de chuid an Aontais maidir le Stóráil. Tugann na hionsamhluithe le fios go bhféadfadh an leibhéal stórála a bheith chomh híseal le 65 % go 71 % faoi thús an tséasúir téimh.

Príomhthorthaí na hanailíse ar chásanna gan ullmhacht bhreise

Sa **chéad chás**, 30 bcm a bheadh sa bhearna chun an t-éileamh ar ghás a shásamh le linn an gheimhridh faoi ghnáthdhálaí aimsire agus soláthar GNL a bheadh ard ar bhonn leanúnach, i gcomparáid le meántomhaltas iomlán san Aontas Lúnasa-Márta de 300 bcm. Sa chás sin, bheadh an stóráil beagnach caite ag deireadh mhí an Mhárta 2023, rud a d’fhágfadh nach mbeadh maolán ar bith fágtha haghaidh shéasúr gáis 2023-2024.

Sa **dara cás**, d’fhanfadh an stóráil ar leibhéal íosta mar atá 15 % ag deireadh mhí an Mhárta 2023, agus 45 bcm a bheadh sa bhearna éilimh le linn an gheimhridh.

**Maidir le ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh an gheimhridh dár gcionn**, ag glacadh leis go mbeadh na margaí idirnáisiúnta gáis síor-teann, is dócha gur dhúshlán mór é an stóráil a athlíonadh le linn shamhradh 2023. Ní shroichfeadh leibhéil líonta stórála i mí Dheireadh Fómhair 2023 ach 41 % sa chéad chás agus 56 % sa dara cás.

Dá mbeadh **an geimhreadh ní b’fhuaire ná mar is gnách** nó dá mbeadh laghdú ar allmhairí gáis ó fhoinsí eile (mar shampla dá dtiocfadh feabhas ar an bhfás eacnamaíoch i margadh mór amhail an tSín), mhéadófaí an riosca go mbeadh orainn aghaidh a thabhairt ar an ngá le tuilleadh laghduithe ollmhóra a dhéanamh tráth éigin le linn na tréimhse sin.

Dhéanfadh ciorruithe tobanna dochar do réimsí sonracha na dtionscal sin nach mór an deis atá acu táirgeacht a laghdú gan dochar tromchúiseach a dhéanamh nó athrú chuig breoslaí eile, mar shampla, i gcás ina n-úsáidtear gás mar bhunábhar le haghaidh próisis thionsclaíocha.

I bprionsabal, ní bheadh tionchar díreach ag suaitheadh mór mar gheall ar an Rúis ar infhaighteacht gáis i gcás custaiméirí atá faoi chosaint, go háirithe teaghlaigh, ar lú a dtomhaltas ná 37 % de thomhaltas iomlán an Aontais. Mar sin féin, glactar leis sin nach dtarlóidh eachtraí eile nach raibh coinne leo.

Tá sé fíor-riachtanach bogadh go tapa anois, ar bhealach diongbháilte. Gan iarrachtaí ionadaithe fónta agus laghdú ar an éileamh sna seachtainí amach romhainn, bheadh tionchar

mór ag dian-suaitheadh gáis le linn gheimhreadh 2022/2023 ar gheilleagar na hEorpa agus ar mhargaí saothair, agus dhéanfadh sé difear díreach nó indíreach do na Ballstáit uile[8].

**Dá ndéanfaimis beart anois, laghdófaí an costas a bhainfeadh le suaitheadh tobann sa soláthar.**

Ba lú ar fad an costas a bhainfeadh leis an poitéinseal ionadaithe a uasmhéadú agus tús a chur leis an éileamh ar ghás nádúrtha a laghdú anois agus faoi mhéid measartha, a bhuí le haga tionscanta níos faide a bheith againn, ná mar a bhainfeadh leis dá mbeadh orainn mórchiorrú a dhéanamh ar an éileamh go tobann le linn na buaic-thréimhse tomhaltais (i.e. an geimhreadh) agus gan ullmhúchán cuí a dhéanamh. Dá mbeadh coinne ag na hoibreoirí líonra leis an laghdú ar an éileamh, d'fhéadfaidís acmhainn an ghréasáin a optamú, níos mó gáis a iompar ón Iarthar go dtí an tOirthear go tráthúil agus níos mó stórála a líonadh i gcás ina mbeidh an toilleadh ar fáil i bhfianaise an chéad gheimhridh eile agus gheimhreadh 2023/2024. Dá ndéanfaí laghdú tuartha dáilte sin ar an éileamh, chuirfí deireadh foriomlán le haon ghanntanas geimhridh a d'fhéadfadh a bheith ann, nó laghdófaí é faoi bhreis is 50 %. Dá ndéanfaí laghdú a thuar anois, chumasófaí dreasachtaí spriocdhírithe i gcás na dtionscadal sin a bhfuil an poitéinseal acu a dtomhaltas a laghdú trí, mar shampla, athrú chuig breoslaí in-athnuaite, nó in aon chás inar féidir, chuig breoslaí a bhfuil an cion astaíochtaí is ísle is féidir acu, faoi réir iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus éifeachtaí fadtéarmacha glasála a sheachaint.

Maidir leis an tionchar maicreacnamaíoch foriomlán a bheadh ag mórshuaitheadh féideartha, chuirfeadh freagairt chomhordaithe ón Aontas atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht teorainn leis an tionchar diúltach ar OTI agus ar phoist dá gcuirfí an freagairt sin i bhfeidhm roimh an ngeimhreadh.
Ag cur leis na riachtanais a shainaithin ENTSO-G sna cásanna thuas, agus i gcás ina ndéanfaí bearta luath chun an t-éileamh a laghdú, i gcás ina mbeadh gnáthgheimhreadh ann, d'fhéadfadh suaitheadh ón Rúis OTI an Aontais ina iomláine a laghdú faoi **0.4 % ar an meán** agus faoi **0.6 % ar an meán i gcás ina mbeadh geimhreadh fuar ann.**

Mar sin féin, dá bhfanfaí go dtí dtarlódh an suaitheadh iomlán sa soláthar chun bearta a dhéanamh, thiocfadh méadú aon trian ar a laghad ar an gcostas a bhainfeadh leis, i bpáirt mar gheall ar an deis a chaillfí chun comhordú agus coigeartú níos éasca a dhéanamh, rud a chuirfeadh leis an méadú sin. I gcás ina mbeadh gnáthgheimhreadh ann, dá bhfanfaí chun bearta a dhéanamh bheadh **tionchar idir 0.6 % agus 1 % de OTI** aige sin.

I gcás ina **mbeadh geimhreadh fuar ann, thiocfadh méadú breise ar na costais sin.** Dá mbeadh moill ar bhearta a dhéanamh i gcás geimhreadh fuar, chuirfeadh sé sin borradh mór ar na costais ar an Aontas, mar atá tionchar OTI idir 0.9-1.5 % ar an meán, go háirithe ar na Ballstáit is mó a ndéanfaí difear dóibh.

**Chun bearna gháis a sheachaint sna míonna amach romhainn, is é 15 % an laghdú foriomlán a mholtar ar an éileamh ar ghás ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Márta 2023[9].**

---

8 Bhraitheadh an tionchar i ngach Ballstát ar an leibhéal reatha allmhairí gáis ón Rúis, ar an bhféidearthacht foinsí a éagsúlú ar gearrfhógra, ar ról an gháis sa mheascán fuinnimh agus ar an bhfabraic thionsclaíoch.

9 i gcomparáid leis an meánéileamh ar ghás san Aontas Eorpach in 2017-2021 – réimse ar baineadh úsáid as chun éagsúlacht i ndéine na haimsire geimhridh le blianta beaga anuas a chur san áireamh

## 2. Plean chun an t-éileamh ar ghás a laghdú agus tús áite á thabhairt do chustaiméirí criticiúla an tráth céanna

### An Plean Eorpach um an Éileamh ar Ghás a Laghdú

Is féidir an laghdú ar an éileamh de 15 % a dtugtar tuairisc air thuas a bhaint amach trí bhearta a dhéanamh anois, tríd an bPlean um Choigilteas Fuinnimh[10] a chur chun feidhme agus trí bhearta breise coigilte gáis a dhéanamh in earnálacha nach bhfuil faoi chosaint, agus úsáid á mbaint as na dea-chleachtais agus as na critéir tosaíochta cliste a shainaithnítear sa Plean Eorpach um an Éileamh ar Ghás a Laghdú atá i gceangal leis seo. Leagtar amach sa phlean na prionsabail agus na critéir maidir le laghdú comhordaithe ar an éileamh a bhfuil sé d'aidhm acu ní hamháin an soláthar gáis do theaghlaigh agus d'úsáideoirí fíor-riachtanacha amhail ospidéil a chosaint, ach táirgí agus seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar don gheilleagar freisin, do thionscail atá cinntitheach maidir le slabhraí soláthair an Aontais agus don iomaíochas. Cuireann sé leis na pleananna náisiúnta éigeandála atá ann cheana, leis na dea-chleachtais atá ann cheana agus le comhairliúcháin spriocdhírithe le réimse na tionsclaíochta.

**Le bainistiú an éilimh, ba cheart a dhíriú mar thosaíocht ar na hearnálacha sin a bhfuil deiseanna ionadaithe níos fearr acu agus ba cheart an t-ualach a roinnt ar bhealach níos fearr ar fud an gheilleagair, agus OTI agus an fhostaíocht á gcosaint an tráth céanna. Ba lú an riosca go mbeadh scrogaill iartheachtacha agus brú boilscitheach ann agus dhéanfaí fálú níos éifeachtaí in aghaidh rioscaí eile (e.g. geimhreadh dian).**

### Príomhphrionsabail an phlean: ionadú, dlúthpháirtíocht agus coigilteas

*Ionadú: Coigilteas comhordaithe éilimh ar ghás trí thacú le deiseanna ionadaithe*

Leis na hiarrachtaí ar fad ó Ballstát go chéile, i nginiúint cumhachta, i dtionscail agus i dteaghlaigh, ba cheart díriú ar dtús ar na deiseanna ionadaithe lena bhféadfaí éirí as úsáid gáis nádúrtha de réir a chéile, agus na comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na roghanna sin a choinneáil san áireamh i gcónaí, agus, mar shampla, gual á thabhairt isteach sa mheascán (arís), fiú ar bhonn sealadach. Is é an chloch is mó ar ár bpaidrín a athrú chuig foinsí fuinnimh ghlain, i ngach cás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, ar bhealach tráthúil agus costéifeachtach. Ba cheart leanúint d'iarrachtaí éagsúlaithe freisin trí dhlús a chur le tabhairt i gcrích críochfort GNL nó bonneagair eile gáis a bhfuil géarghá leo, go háirithe idirnaisc, mar aon le hiarrachtaí an Aontais an soláthar GNL a éagsúlú faoi Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh.

I gcás nach féidir teacht ar réiteach níos glaine ar bith eile, beidh gá freisin le húsáid a bhaint as deiseanna ionadaithe gáis nádúrtha ar bhonn sealadach, is é sin foinsí ar mó a lorg carbóin amhail díosal nó gual, agus feidhm a bheith ag na clásail coimirce comhshaoil is gá an tráth céanna. Chuige sin, féadfar tacú le deiseanna malartaithe breoslaí atá teoranta ó thaobh ama de ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát,

[10] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52022DC0240&from=GA

*Dlúthpháirtíocht: Coinne a bheith leis na rioscaí a bhaineann le suaitheadh iomlán sa soláthar gáis ón Rúis agus iad a mhaolú*

Déanann turraingí soláthair gáis difear do na Ballstáit agus do na réigiúin ar bhealaí éagsúla. Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí den sórt sin, ní mór don Aontas dlúthpháirtíocht iomlán a léiriú agus bearta á ndéanamh aige ó Bhallstát go chéile agus i dtaobh úsáideoirí éagsúla gáis nádúrtha. Cé go ndéanfar difear do na Ballstáit ar bhealaí éagsúla, le hiarracht chomhpháirteach, laghdófar déine an tionchair ar na Ballstáit is mó a ndéanfar difear dóibh, agus dá réir sin, bainfidh na Ballstáit ar fad tairbhe as gníomhaíocht chomhpháirteach. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ar an airdeall chun an Margadh Aonair a chosaint, agus go háirithe chun aon srian a d'fhéadfadh a bheith ar thrádáil idir na Ballstáit a chosc, agus oibreoidh sé chun a áirithiú nach mbeidh aon suaitheadh i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a mbaineann riachtanas ar leith leo ná i seirbhísí sóisialta criticiúla. Má fhágann an scéal go bhfuil gá le bearta ciorraithe a bheartú, ba cheart é a dhéanamh i gcomhréir agus i gcomhar leis na Ballstáit, agus aird chuí á tabhairt ar an tionchar ar fhostaíocht agus ar ioncaim a mhaolú.


Ionas go bhfeidhmeoidh an dlúthpháirtíocht sin sa chleachtas, ní mór do na Ballstáit agus do na rannpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha ar fad gach a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh chun ullmhúchán a dhéanamh agus chun an t-éileamh ar ghás a ionadú nó a laghdú anois i gcás inarb indéanta. Chun go bhfeidhmeoidh na bearta comhordúcháin sin, ní mór córas rialachais leordhóthanach a bhunú, lenar féidir leas a bhaint as acmhainní ó aireachtaí fuinnimh agus tionscail ó Bhallstát go chéile, agus lenar féidir teagmháil chuimsitheach le gach grúpa tomhaltóirí agus rannpháirtíocht na ngrúpaí sin a áireamh.

*Coigilteas: Is féidir le gach duine a chion a dhéanamh*

Ba cheart laghdú breise ar an éileamh a bheartú i réimse théamh agus fhuarú na bhfoirgneamh agus i réimse théamh an uisce. I gcás éigeandála, i gcás ina bhféadfadh slándáil an tsoláthair leictreachais i mbaol, ceadaítear le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir slándáil an tsoláthair tús áite a thabhairt don soláthar gáis do ghléasraí cumhachta gásadhainte criticiúla áirithe, agus do chatagóirí áirithe tomhaltóirí faoi chosaint. Mar sin féin, fiú má ráthaítear an soláthar gáis do theaghlaigh agus do ghléasraí cumhachta gásadhainte criticiúla áirithe, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar údaráis phoiblí gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun tomhaltas gáis ag custaiméirí atá faoi chosaint agus in earnáil na cumhachta a laghdú, ná laghduithe deonacha a chur chun cinn. Tá sé sin fíor-riachtanach ionas nach gcaithfear ciorrú a dhéanamh ar chustaiméirí tionsclaíocha atá criticiúil le haghaidh na sochaí agus an gheilleagair[11].

<u>Leis an bhfíor thíos, cuirtear i láthair an measúnú is déanaí ar phoitéinseal na gcineálacha éagsúla beart chun an t-éileamh ar ghás a laghdú agus chun an bhearna a dhúnadh, nach mór.</u>

[11] De réir Airteagal 2(5) de Rialachán 2017/1938, cumhdaítear le custaiméirí atá faoi chosaint suiteálacha téimh ceantair agus seirbhísí sóisialta riachtanacha áirithe amhail cúram sláinte, agus faoi theorainn áirithe, gnóthais bheaga agus mheánmhéide




**Foirgnimh: Téamh agus fuarú a laghdú**

Sa Phlean um Choigilteas Fuinnimh an 18 Bealtaine faoi REPowerEU[12], sainaithníodh cheana féin raon beart coigiltis féideartha i réimse na bhfoirgneamh meastar go bhféadfaí 11 bcm a choigilt. Má dhéantar athruithe simplí iompraíochta amhail teocht an bhaile a laghdú i gcás nach bhfuil sé íseal cheana féin, cithfholcthaí a ghiorrú, fearais a mhúchadh seachas iad a chur ar fuireachas, cócaráil, cuisniú agus reo a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil, is é an

12 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52022DC0240&from=GA

tionchar atá ar na hathruithe sin bearta ‘gan aiféala’ i dtaobh billí fuinnimh. Dá airde an laghdú trí ghníomhaíochtaí deonacha, is ea is lú a bheidh an gá le ciorrú éigeantach a dhéanamh i réimse na tionsclaíochta níos faide anonn. Dar ndóigh, nuair a thomhlaítear níos lú gáis, beidh billí níos ísle billí ann.

Is féidir coigilteas gáis a sheachadadh le linn an tsamhraidh seo fiú, tríd an mbuaicthomhaltas leictreachais mar gheall ar fhuarú a laghdú (rud a laghdóidh an tomhaltas gáis go díreach). Le linn an ‘gheimhridh gáis’ (Deireadh Fómhair-Márta), is féidir coigilteas mór a dhéanamh trí fhoinsí teasa malartacha a úsáid le haghaidh téamh ceantair, trí theaschaidéil agus trí chórais chliste bainistíochta fuinnimh i dteaghlaigh, agus trí fheachtais coigiltis, mar shampla, an teirmeastat a laghdú 1° (seachas i gcás na ndaoine nach bhfuil in ann a dtithe a théamh go sásúil cheana féin) nó trí níos lú uisce the a úsáid. Is féidir athruithe iompraíochta agus coigilteas breise a chothú le córais taraifithe *bonus-malus* dhea-dheartha freisin. Is féidir teacht ar choigilteas freisin **trí shainordú a thabhairt téamh a laghdú i gcás foirgnimh phoiblí, oifigí, foirgnimh tráchtála agus spásanna oscailte amhail ardáin lasmuigh, i gcás ina bhfuil sé sin indéanta go teicniúil agus in-fhorfheidhmithe.** Tá ról na n-údarás poiblí, mar atá dea-shampla a thabhairt, ríthábhachtach i ndáil leis sin.

**Táirgeadh leictreachais agus teasa: Gás neamhchriticiúil a choigilt**

Is mór an deis atá i dtáirgeadh leictreachais agus teasa chun gás a choigilt, trí thomhaltas leictreachais a laghdú, trí fhoinsí cumhachta agus teasa a mhalartú agus trí leictreachas a allmhairiú. D’iarr an Coimisiún ar ENTSO-E meastachán a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag ganntanas féideartha gáis ar tháirgeadh leictreachais. De réir an chéad mheastacháin, ní mheastar ach leath den ghás a thomhlaítear in earnáil an leictreachais a bheith criticiúil chun slándáil an tsoláthair leictreachais a áirithiú. Tá tuilleadh anailíse ar siúl faoi láthair maidir le hullmhacht leictreachais le haghaidh an gheimhridh, lenar cheart infhaighteacht stáisiún núicléacha agus cúltaiscí hidreachumhachta – a bhféadfaí níos mó difir a dhéanamh dóibh i mbliana – a chur san áireamh. Mar sin féin, tugtar le fios sa chéad mheastachán sin go bhfuil an fhéidearthacht ann méid mór gás a choigilt. Mar shampla, ó bhí tús na bliana ann, tá an tAontas tar éis 20 GW d’acmhainneacht nua fuinnimh in-athnuaite a úsáid ar a laghad. D’fhéadfaí méid mór a choigilt sna 8 mí amach romhainn trí mhalartú chuig breoslaí malartacha chun cumhacht a ghiniúint (féach an graf ar leathanach 11), anuas ar sholúbthacht ar thaobh an éilimh de chun an buaicéileamh a laghdú.

I ndeireadh na dála, is faoi gach Ballstát aonair atá rogha na bhfoinsí fuinnimh chun leictreachas agus teas a tháirgeadh, agus na nithe seo a leanas ar fad á gcur san áireamh: sprioc aeráide 2030 an Aontais, sprioc fhadtéarmach na haeráidneodrachta, beartais an Aontais maidir le haer glan, agus tionchar a chinntí ar Bhallstáit eile agus ar shlándáil chomhchoiteann an tsoláthair. Mar chuid den obair atá ar siúl faoi láthair chun ullmhacht náisiúnta a threisiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bpleanáil maidir le gléasraí cumhachta a chéimniú isteach agus amach, ba cheart an tionchar Eorpach a chur san áireamh i bhfianaise na n-imthosca nua atá ann faoi láthair, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le slándáil an tsoláthair agus praghsanna breoslaí malartacha ar mhargaí fuinnimh an domhain. Is príomhghné é sin de na pleananna náisiúnta um riosca-ullmhacht leictreachais faoin Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht in earnáil an leictreachais[13] a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún air.

[13] EUR-Lex - 32019R0941 - GA - EUR-Lex (europa.eu)

Is iondúil go malartófaí chuig breoslaí eile go huathoibríoch mar gheall ar na praghsanna arda gáis, bíodh gur mó nó gur lú a lorg carbóin nó gur mó nó gur lú truailliú a dhéanann siad ná gás nádúrtha. Mar sin féin, chun malartú breosla a dhéanamh chuig bithmhais nó díosal, ní mór a áirithiú go gcuirtear cainníochtaí leordhóthanacha de na breoslaí malartacha sin ar fáil do na suíomhanna ina n-úsáidtear iad agus bearta iomchuí chun slándáil soláthair na mbreoslaí malartacha sin a stóráil agus faireachán a dhéanamh orthu. Tá roinnt Ballstát tar éis céimniú amach a stáisiún núicléach a chur siar. Thug Ballstáit eile cead do ghléasraí guail/ligníte teacht ar líne arís nó níos mó a tháirgeadh.

Ba cheart do na Ballstáit an toirmeasc ar allmhairiú guail agus ola ón Rúis mar chuid den chúigiú agus den séú pacáiste de smachtbhannaí an Aontais a chur san áireamh i gcomhthéacs malartú breoslaí, toisc go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar infhaighteacht na bhfoinsí soláthair a bhí ann roimhe sin. I gcás ola, is eilimint fíor-riachtanach í an bhainistíocht is fearr is féidir a dhéanamh ar na stoic éigeandála atá ann cheana. Is líontán sábhála iad na stoic éigeandála ola atá ann cheana, atá le húsáid i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le pleananna teagmhasacha náisiúnta.

D'fhéadfadh malartú breoslaí tionchar a imirt freisin ar thruailliú aeir, agus dá bhrí sin ar shláinte an duine agus an éiceachórais agus ar thomhaltas uisce freisin. Leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, ceadaítear maoluithe ar a teorainnluachanna astaíochta a dheonú do ghléasraí dócháin gásadhainte atá ag malartú chuig ola faoi choinníollacha áirithe, i gcás ina bhfuil gá sáraitheach leis an soláthar fuinnimh a choinneáil ar bun. Is féidir an maolú sin a bheith ann fad is atá gá leis, ar choinníoll go gcuirtear an Coimisiún ar an eolas go cuí. Mar a shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais, mura bhfuil aon oibreacha nó idirghabhálacha a bhfuil malartuithe chuig suiteálacha atá ann cheana i gceist leo, níl an tionscadal incháilithe mar thionscadal a éilíonn údarú nua, de réir bhrí na Treorach maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol[14]. De réir analaí, ní bheadh malartú breoslaí incháilithe mar thionscadal mura mbeadh aon oibreacha nó idirghabhálacha i gceist leis. I gcomhréir le REPowerEU, tagraítear sa leasú ar an gCreat Sealadach Géarchéime um Státchabhair don fhéidearthacht cabhair a dheonú le haghaidh malartú breoslaí, mar thosaíocht chuig foinsí fuinnimh ghlain.

Ba cheart bearta malartaithe breoslaí a dhearadh ar bhealach nach ndéanfar dochar do na cuspóirí meantéarmacha dícharbónaithe don ghá atá le dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus ar bhealach lena n-íoslaghdaítear aon mhéadú ar thruailliú agus níor cheart na gealltanais fhoriomlána fhadtéarmacha maidir le céimniú amach guail arna ndéanamh ag na Ballstáit a chur faoi bhagairt. Dá bhrí sin, tá sé criticiúil a áirithiú nach n-eascróidh gaibhniú carbóin astu amach anseo.

Ar deireadh, tá an tAontas ag obair leis an Úcráin agus le ENTSO-E chun an trádáil leictreachais idir an Úcráin agus an tAontas a mhéadú, chun tacú leis an Úcráin agus chun rogha eile ísealcharbóin a sholáthar do na Ballstáit chomharsanachta araon.

**<u>Tionscal: Malartú breoslaí, bearta eile margadhbhunaithe agus critéir tosaíochta cliste</u>**

[14] C-275/09, C-121/11, C-411/17, C-254/19.

Tá réimse na tionsclaíochta ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh níos airde cheana, agus tá rátaí dúnta arda ag bagairt ar roinnt tionscal cheana. Ba phraghsanna arda gáis ba chuid den chúis le laghdú 5 % ar an éileamh ar ghás san Aontas sa chéad leath de 2022 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Is dócha go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh chomh fada agus a bheidh praghsanna ard i gcónaí. Soláthraítear tuairisc níos mionsonraithe ar bhearta coigiltis gáis agus ar bhearta malartaithe breoslaí san iarscríbhinn a ghabhann leis an teachtaireacht seo.

Sa chéad fhreagairt eile a thagann ó earnáil na tionsclaíochta, ba cheart díriú ar bhearta margadhbhunaithe chun laghdú ar an éileamh a dhreasú agus chun dochar don tsochaí agus don gheilleagar a theorannú. Úsáideann tionscail gás mar bhunábhar agus mar fhoinse fuinnimh, ar tionscail iad ina bhfuil éagsúlacht mhór ó earnáil go chéile sa phoitéinseal teicniúil breosla a mhalartú nó tomhaltas a laghdú agus sa chostas a bhainfeadh leis an méid sin. Is bealach éifeachtach iad ionstraimí margaidh chun na roghanna laghdaithe is fabhraí a spreagadh.

**Tacaíonn an Coimisiún go láidir le dea-chleachtais, amhail ceantanna nó córais tairisceana náisiúnta, réigiúnacha nó comhpháirteacha chun laghdú an tomhaltais ó thomhaltóirí tionsclaíocha a dhreasú** trí ligean do thionscail laghdú ar thomhaltas gáis a thairiscint. Is é an toradh a bheadh air sin laghdú ar thomhaltas comhiomlán reatha gáis, lena gcuirfí níos mó gáis ar fáil, e.g. le haghaidh líonadh stórála. D’fhéadfaí na ceantanna nó na tairiscintí sin a reáchtáil ar an leibhéal trasteorann chun na deiseanna laghdaithe ar an éileamh a uasmhéadú, go háirithe i gcás custaiméirí móra trasteorann a oibríonn i roinnt Ballstát. I ndáil leis sin, mar a leagtar amach freisin sa Chreat Sealadach Géarchéime um Státchabhair, le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, cuirtear é ar a gcumas do na Ballstáit laghduithe deonacha ar éileamh ar ghás a dhreasú, faoi réir coinníollacha áirithe, amhail an malartú i dtreo foinsí fuinnimh níos glaine a dhreasú[15].

Déanfaidh an Coimisiún iniúchadh tapa ar an gcoincheap mar atá ceantanna Aontais i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit.

I measc na mbeart comhchosúil margadhbhunaithe dá bhforáiltear cheana sna pleananna náisiúnta éigeandála, tá ‘conarthaí in-idirbhriste’, mar a thugtar orthu, i.e. beart solúbthachta lena ndeonaítear cúiteamh airgeadais réamhchinntithe, le haghaidh leibhéal réamhchinntithe de laghdú ar an méid gáis i gcomhair na tréimhse dínasctha.

I gcás éigeandála, nuair a bheidh triail bainte as gach beart margadhbhunaithe agus gach beart neamh-margadhbhunaithe, d’fhéadfadh sé go mbeidh ar na Ballstáit tús a chur le ciorrú iomlán nó páirteach a dhéanamh ar ghrúpaí tomhaltóirí sonracha a shainaithin siad in ord réamhshainithe ina bpleananna éigeandála. Tá cineálacha cur chuige éagsúla ag na Ballstáit i dtaobh tosaíocht den sórt sin, agus d’fhéadfaí go gcuirtear san áireamh leo nó nach gcuirtear

[15] Ina theannta sin, leis an mbeartas fioscach, ba cheart díriú ar choigilteas fuinnimh, trí thacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus trí laghdú ar an éileamh a dhreasú araon. Ba cheart do na Ballstáit beartais inacmhainneachta a choigeartú chun an laghdú ar an éileamh a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gcreat dlíthiúil CBL agus aistriú chuig rátaí nialasacha CBL nialais ar an tsuiteáil grianphainéal, rátaí a laghdú ar an tsuiteáil córas téimh íseal-astaíochtaí agus ar bhearta praghsála eile fuinnimh, agus an t-aistriú chuig teaschaidéil agus ceannach fearas níos éifeachtúla a spreagadh. Is féidir faoisimh chánach a chomhlánú le fóirdheontais le haghaidh infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh atá dírithe ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mhicreaghnólachtaí leochaileacha.

san áireamh leo tionchar níos leithne ar chodanna criticiúla de gheilleagar an Aontais nó de gheilleagar an domhain. I gcás cinntí neamh-chomhordaithe, tá riosca mór ann go ndéanfaí an Margadh Aonair a ilroinnt, agus go mbeadh tionchar neamhbheartaithe ag cinntí náisiúnta ar thíortha eile den Aontas mar atá feicthe againn le linn ghéarchéim COVID. Tá an comhordú ríthábhachtach chun sláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú a mhéid is féidir. Sa Phlean Eorpach um an Éileamh a Laghdú atá i gceangal leis seo, soláthraítear treoirlínte do na Ballstáit chun a n-ord tosaíochta a athbhreithniú agus a fheabhsú trí úsáid a bhaint as prionsabail agus critéir choiteanna chun an tionchar socheacnamaíoch i gcomhthéacs níos leithne an Aontais a chomhordú agus a íoslaghdú, agus dlúthpháirtíocht na hEorpa á coinneáil ar bun an tráth céanna.

I gcás ciorrú spriocdhírithe, beidh sé criticiúil a thionchar socheacnamaíoch a mhaolú. Ba cheart do na Ballstáit na treoirlínte sin a léiriú go soiléir agus a bpleananna náisiúnta éigeandála á dtabhairt cothrom le dáta acu. Éascófar leo cleachtaí comhordúcháin amach anseo nuair a bheidh gá leo. Mar a luaitear sa Teachtaireacht maidir le hIdirghabhálacha Gearrthéarmacha sa Mhargadh[16] a ghabhann le Plean REPowerEU, i gcás staid éigeandála réigiúnach nó Aontais de réir an Rialacháin maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le praghas riaracháin ar ghás a bhunú chun tréimhse na héigeandála dearbhaithe Aontais a chumhdach.

D'fhéadfaí ionstraimí nua a fhorbairt le haghaidh na dtionscal a bhfuil ról straitéiseach i bhfeidhmiú gheilleagar agus shochaí an Aontais chun iad a spreagadh i dtaobh a n-iarrachtaí ionadaithe, éagsúlaithe agus coigiltis, de réir agus a bhaineann sásraí praghsanna margaidh a bpoitéinseal amach agus a ídítear roghanna margadhbhunaithe.

**<u>Rialachas neartaithe maidir leis an dlúthpháirtíocht agus sásraí chun tacú le comhar</u>**

Tá gá le sásra chun go mbeidh an Coimisiún agus na Ballstáit in ann a gcomhar a neartú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla den ghéarchéim de réir mar a thagann forbairt uirthi agus chun an margadh inmheánach a chosaint. D'fhéadfadh an Grúpa Comhordaithe Gáis atá ann cheana aghaidh a thabhairt ar an gceanglas sin trí theacht le chéile go tráthrialta agus, aon uair is gá, ar leibhéal an Ard-Stiúrthóra agus i dteannta ionadaithe ó na haireachtaí tionscail. Beidh ról criticiúil aige chun faireachán á dhéanamh ar thionchar an laghdaithe ar an éileamh ar earnálacha criticiúla agus ar shlabhraí luacha ar fud an Aontais, chun an malartú faisnéise is gá a chumasú, agus chun ceangal a dhéanamh idir páirtithe leasmhara, comhpháirtithe sóisialta agus fóraim bheartais ábhartha eile i gcás inarb iomchuí.

I staid éigeandála, dhéanfaí dlúthpháirtíocht éifeachtach phras a éascú trí chomhaontuithe dlúthpháirtíochta déthaobhacha dá bhforáiltear faoin Rialachán maidir le slándáil an tsoláthair gáis a bheith i bhfeidhm, lena soiléireofaí na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais chun gás a sholáthar do na custaiméirí atá faoi chosaint faoin dlí sna tíortha máguaird i gcás géarchéime. Na Ballstáit ar fad nach bhfuil an t-ullmhúchán ar na comhaontuithe dlúthpháirtíochta is gá tugtha i gcrích acu go fóill, tá sé práinneach é sin a dhéanamh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach leor comhaontuithe dlúthpháirtíochta déthaobhacha leo féin. Is den riachtanas a bheidh comhordú ar leibhéal an Aontais.

[16] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52022DC0236&from=GA

## 3. Uirlis choiteann an Aontais chun an laghdú ar an éileamh ar ghás a chomhordú

Leis an laghdú riachtanach ar an éileamh, beifear in ann na rioscaí don chéad gheimhreadh eile a laghdú má tá sé bunaithe ar ghealltanas daingean ó na Ballstáit ar fad ár sprioc chomhchoiteann a bhaint amach, agus sa chás sin amháin. Thairis sin, i bhfianaise chineál na géarchéime soláthair gáis nach bhfacthas a leithéid riamh agus na n-éifeachtaí trasteorann a bhaineann léi, ní féidir le haon Bhallstát amháin aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ná go héifeachtach ar an riosca go n-eascróidh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha as an ardú praghsanna nó as suaitheadh mór sa soláthar. Chun a bheith go hiomlán éifeachtach, ní mór creat rialála daingean, lena n-áirithítear gníomhaíocht chomhordaithe ghasta, a bheith ina bhonn taca le hullmhú coiteann an Aontais le haghaidh an gheimhridh. Mar gheall ar na cúinsí atá ann faoi láthair, tá údar cuí le dul i muinín na gcumhachtaí éigeandála rialála a leagtar amach in Airteagal 122 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Dá bhrí sin, tá Rialachán ón gComhairle á mholadh ag an gCoimisiún chun gníomhaíocht éifeachtach a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbeadh éagothroime ann idir an soláthar agus an t-éileamh i margadh gáis na hEorpa, lena n-áirítear tríd an gcreat rialachais is gá. I dtús báire, féadfaidh na Ballstáit na laghduithe is gá a chur chun feidhme ar bhonn deonach. Má théann an staid in olcas agus más gá foláireamh Aontais a ghníomhachtú, de réir an chreata a leagtar amach sa togra éigeandála, chuirfí sprioc cheangailteach laghdaithe ar an éileamh ar ghás chun feidhme. Chinnfeadh gach Ballstát bearta laghdaithe ar an éileamh, i gcomhairle leis na tíortha máguaird. Dá bhrí sin, déantar an méid seo a leanas leis an dréacht-Rialachán:

- Iarrtar ar na Ballstáit uile a ndícheall a dhéanamh leanúint d’infheistíocht a dhéanamh i roghanna malartacha ar ghás ón Rúis agus sprioc laghdaithe neamhcheangailteach a bhaint amach a chomhfhreagraíonn do 15 % dá n-éileamh – i gcomparáid leis an meánéileamh ar feadh na 5 bliana dheireanacha (2016-2021) – as seo go ceann 8 mí ar a laghad. Leis sin, bheifí in ann 45 bcm de ghás a choigilt ar fud na hEorpa ar feadh na tréimhse sin. Ba cheart na hiarrachtaí laghdaithe comhfhreagracha a bhunú ar threoirlínte an Phlean Eorpaigh um an Éileamh a Laghdú.
- Iarrtar ar na Ballstáit **a bpleananna náisiúnta éigeandála a thabhairt cothrom le dáta chun na bearta sonracha laghdaithe ar an éileamh a chinneann siad a dhéanamh dá réir sin a shainaithint faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair.**
- Leagtar amach ann creat rialachais lena n-éascaítear an measúnú ar na hiarrachtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit ar fad chun infheistíocht a dhéanamh i roghanna malartacha ar ghás ón Rúis, lena ndéantar an t-éileamh ar ghás a laghdú, agus lena gcuirtear san áireamh suaitheadh i slabhraí soláthair an Aontais de dheasca beart náisiúnta.
- Tugtar isteach próiseas chun **foláireamh Aontais** a dhearbhú tráth ar bith sna seachtainí nó sna míonna amach romhainn má thagann athrú diúltach ar an staid agus ar an ionchas i dtéarmaí na cothromaíochta idir an soláthar agus an t-éileamh , agus má bheidh rioscaí ann go mbeidh géarghanntanas gáis agus go dtiocfaidh meath mór ar shlándáil an tsoláthair. Más amhlaidh an cás, féadfaidh an Coimisiún laghdú ceangailteach de 15 % a ghníomhachtú chun an laghdú foriomlán is gá san Aontas a áirithiú le haghaidh geimhreadh níos sábháilte do chách.

## 4. Conclúid agus na chéad bhearta eile

Is mithid don Aontas coinne a bheith aige le rioscaí agus dlús réamhghníomhach a chur le hullmhacht maidir le slándáil an tsoláthair gáis. Is comhartha é sin do gach comhlacht poiblí, tomhaltóir, teaghlach, úinéir foirgnimh phoiblí agus soláthróir cumhachta nach mór dóibh bearta urghnácha gasta a dhéanamh anois chun gás a choigilt chun iarmhairtí an tsuaite a d'fhéadfadh a bheith ar gheilleagar an Aontais sna míonna amach romhainn a laghdú.

Tá an t-ullmhúchán le haghaidh mórshuaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann roimh an ngeimhreadh seo chugainn nó lena linn ríthábhachtach i gcomhair athléimneacht an Aontais agus i gcomhair inchreidteacht fhreagairt an Aontais ar na himeachtaí atá ag titim amach ar an leibhéal geopholaitiúil. Ní bheidh rath air sin ach amháin má bheidh glacadh leis i measc na saoránach agus tomhaltóirí eile, ar glacadh é a bhainfear amach trí rannpháirt sa phróiseas cinnteoireachta a thabhairt dóibh.

Beag beann ar shuaitheadh iomlán gearrthéarmach ar shreabha ón Rúis, má bheidh gníomhaíocht chomhpháirteach luath ar leibhéal an Aontais an tráth criticiúil seo den phróiseas líonta stórála, laghdófar an gá le laghdú féideartha agus níos pianmhaire ar an éileamh níos déanaí sa gheimhreadh.

Trí dhlús a chur leis an éagsúlú agus trí laghdú inchreidte ar an éileamh a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe ar fud na mBallstát, is féidir leis an Aontas teachtaireacht chumhachtach a sheoladh chuig an margadh go bhfuil an Eoraip réidh le haghaidh tuilleadh suaite. Tá sí níos athléimní, is fearr is féidir léi dul i ngleic le forbairtí gan choinne, agus is féidir léi na tionchair praghais agus eacnamaíocha atá leo a mhaolú.

Ba cheart muinín a bheith ag an Aontas as a chumas déileáil leis na hiarmhairtí a bhaineann le mórshuaitheadh soláthair agus dlús radacach a chur lena iarrachtaí deireadh a chur lena spleáchas ar ghás na Rúise. Leis an Rialachán ón gComhairle atá beartaithe agus le Plean an Aontais maidir le hUllmhacht don Gheimhreadh atá i gceangal leis seo, soláthraítear uirlis choiteann rialála agus treoirlínte do na Ballstáit chun an t-éileamh a laghdú ar bhealach tapa agus costéifeachtach go dtí leibhéal atá leordhóthanach chun an geimhreadh seo chugainn a chur tharainn agus chun ullmhúchán maidir leis na chéad bearta eile a dhéanamh go sábháilte. Is é an cuspóir atá ann bearta agus critéir chomhordaithe ar thaobh an éilimh a chumasú ar fud an Aontais, de mheon na dlúthpháirtíochta agus na freagrachta, mar a d'iarr ceannairí an Aontais. Ba cheart a chuimhneamh go práinneach ar dhea-chleachtais amhail ceantanna comhpháirteacha chun tomhaltas a laghdú agus téamh a laghdú i bhfoirgnimh phoiblí.

Tuairisceoidh an Choimisiún don Chomhairle go tráthrialta. Le rannpháirtíocht pholaitiúil leanúnach, áiritheofar comhordú réamhghníomhach agus éifeachtach an Aontais atá i gcomhréir leis na dúshláin atá romhainn.

Anuas air sin, tá sé ríthábhachtach dlús a chur le glacadh an athbhreithnithe ar an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis a beartaíodh san athbhreithniú i mí na Nollag 2021 ar an Rialachán maidir leis an Margadh Gáis, lena dtabharfar isteach clásail uathoibríocha chomhchuibhithe dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit chun an soláthar do chustaiméirí atá faoi chosaint a ráthú fiú i gcás géarchéim thromchúiseach.

Má dhéantar an plean seo a thabhairt chun cinn agus a chur chun feidhme láithreach, laghdófar an éiginnteacht, cuirfear teorainn le préimheanna riosca ar na margaí fuinnimh,

cuideofar le tuilleadh stórála a líonadh agus tabharfar tús áite don tomhaltas gáis sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis. I ndeireadh na dála, fágfaidh sé go mbeidh an tAontas agus na Ballstáit níos láidre in aghaidh mórshuaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann sa soláthar gáis faoin gcéad gheimhreadh eile agus lena linn.